Curaclam Thuaisceart Éireann

CLADACH NA FARRAIGE

An Pláinéad Gorm

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint gur féidir fuaim a úsáid le héifeacht a chruthú.
- Bheith eolach ar an dóigh le fuaimeanna a rangú.
- Cuid d'uraiceacht an cheoil a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Tabhair cuairt ar an chladach go bhfaighfidh tú eispéireas d'fhuaimeanna na farraige agus leis na fuaimeanna éagsúla a thaifeadadh. Bailigh roinnt rudaí a bhaineann leis an chladach. Éist leis na héifeachtaí taifeadta agus pléigh agus dianscrúdaigh na fuaimeanna uile. Pléigh dóigh a dtiocfadh na fuaimeanna a ghrúpáil, mar shampla, ard/íseal, bog/glórach. Fuaimeanna glóracha - bualadh na dtonn, líonadh an tsrutha, búireach na doininne. Fuaimeanna boga - leoithne shéimh, slaparnach éisc.

Úsáid bailiúchán na n-ábhar ón chladach le féidearthachtaí difriúla fuaime a fhiosrú, mar shampla, bualadh cloch de mhéideanna éagsúla le chéile, scríobadh píosaí adhmaid raice, cuimilt sliogán dá chéile, doirteadh uisce/gainimh. Athchruthaigh éifeachtaí fuaimeanna farraige le huirlisí seomra ranga, guth agus/nó bogearraí TFC mar 'Compose World Junior'.

Amharc ar thaghdanna éagsúla na mara, ag cur i gcomparáid agus i gcodarsnacht farraige gairbhe agus ciúine. Éist le sleachta gairide ceoil a léiríonn na taghdanna seo agus dearbhaigh an taghd a bhí an cumadóir ag iarraidh a chruthú.

Forbair agus pleanáil dóigh a dtiocfadh taghdanna éagsúla na farraige a chuimsiú ina scéal-líne éifeachtach. Scríobh scéal samhlaíoch dírithe ar an fharraige. Labhair faoi do smaointe agus cum fuaimscéal ag úsáid áiseanna traidisiúnta nó digiteacha mar 'Compose World Junior'. Roghnaigh na fuaimeanna ag socrú ar an struchtúr, mar shampla, an méid grúpaí a bheidh againn, na huirlisí a úsáidfimid agus na héifeachtaí/dinimicí a úsáidfimid. Gníomhaigh an fuaimscéal agus taifead le meán difriúil.

Éist le sleachta as 'The Brendan Voyage' le Shaun Davey go gcluinfidh tú mar a d'úsáid sé sceal-líne le sraith cheoil a chumadh. Measúnaigh, pléigh agus leasaigh an fuaimscéal, ag machnamh ar mar a baineadh amach éifeachtaí éagsúla, mar a thiocfadh modhanna eile a úsáid agus an tionchar a d'oibrigh na buntaifeadtaí d'éifeachtaí fuaime farraige ar an phíosa chríochnaithe.

Éist agus gníomhaigh rabhcáin mhuirí agus amhráin éagsúla a bhaineann leis an fharraige nó le himeallbhord áitiúil. Cruthaigh agus gníomhaigh do chuid rabhcán muirí féin.

FÓCAS

Déanann 'An Pláinéad Gorm' machnamh ar thaghdanna agus cháilíochtaí corp uisce mar an fharraige agus fiosraíonn sé acmhainn an uisce i dtéarmaí soláthar fuinnimh, bia, pléisiúir agus fostaíochta. Tabharfar deis do na páistí feasacht a fhorbairt do ghnéithe uile shábháilteacht an uisce.

Na hEalaíona

- fuaimeanna agus gluaiseacht na farraige;
- amharc ar shaothar cumadóirí;
- líníochtaí breathnaitheacha;
- táipéis bhalla chladaigh.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- an buncheart ar uisce glan;
- sláinte agus sláinteachas;
- uisce ina acmhainn luachmar;
- carachtair agus daoine cáiliúla bainte le huisce;
- sábháilteacht le huisce.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsa simplí a struchtúrú;
- tástáil le réimse gluaiseachtaí coirp.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

SA DOIMHNEACHT GHORM ÚD THALL

Rúin Mholta Foghlama

- Na dóigheanna a gcuidíonn eispéiris chéadfacha le hidéanna a chur in iúl a thuiscint.
- Bheith eolach ar cháilíochtaí réimse ábhar agus uirlisí le hídeanna a fhíorú.
- An dóigh le cuid eilimintí amhairc ina gcuid oibre a úsáid a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Bailigh éagsúlacht samplaí cladaigh. Breathnaigh agus taifead na samplaí ag úsáid micreascóp digiteach.

Breathnaigh gnáthóg lochán carraige, tóg grianghraif agus déan líníocht mhionsonraithe bhreathnaithe ar an láithreán le héagsúlacht na n-ainmhithe mara, an fhásra agus na bhfoirmíochtaí carraige a fuarthas ar an chladach a thaifeadadh. Úsáid dúigh chaolaithe nó péinteanna póstaeir le píosa mór ábhar braillíní cadáis a dhathú le dathanna farraige mar chúlra. Úsáid na líníochtaí breathnaithe agus grianghraif mar thagairt. Fiosraigh coincheap na siméadrachta trí ainmhithe mara (portáin, éisc, crosóga mara, bairnigh, cuachmaí srl) a tharraingt le criáin fhabraice ar ghiotaí beaga cadáis.

Pléigh dath, patrún agus uigeacht agus an dóigh a dtiocfadh iad seo a léiriú. (Is féidir na hainmhithe mara a ghreamú nó a fhuáil ar chúlra - b'fhéidir go mbeadh sraith flocais ar chuid acu le cuma chuilteach a thabhairt agus thiocfadh a ornáidiú tuilleadh le fuáil, cloichíní, gliú glioscarnaí nó maisiú plexi-foil). Roghnaigh fabraicí agus snáitheanna le cuma feamainne a chruthú. (Is féidir giotaí méarchleiteála a úsáid ar an dóigh seo agus iad a fhuáil air. Is féidir tuilleadh fuála maisithe a chur leis mar is cuí). Cuir mionphíosaí eile leis trí phriontáil le rudaí a fuarthas, mar shampla, craobhóga, púróga a sheasfadh do ghrinneall na farraige, bonn nó cumhdach bolgóideach le cuma ghainní éisc a thabhairt.

Taispeáin an táipéis bhalla chríochnaithe, labhair faoin obair. Machnaigh ar an dóigh ar baineadh amach na héifeachtaí éagsúla, an dóigh a bhféadfaí modhanna eile a úsáid agus an tionchar a d'oibrigh an t-eolas a bailíodh ar an láithreán ar an phíosa chríochnaithe.

Tóg páirt i seisiún 'amharc agus tarraing' bunaithe ar mhuirdhreacha ag áiléar ealaíne.

MÓRTAS FARRAIGE

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh le freagairt don cheol agus don fhuaim agus iad a léirmhíniú le samhlaíocht trí ghluaiseacht.
- Bheith eolach ar thréithe fuaime roinnt gnáthuirlisí.
- An gá atá le seicheamhú fuaime agus gluaiseachta a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Éist le sleachta ceoil ó 'Valkyria' le Richard Wagner agus 'La Mer' le Claude Debussey. Úsáid éagsúlacht muirphictiúr le labhairt ar na dóigheanna éagsúla a mbogann tonnta san fharraige, mar shampla, borradh agus briseadh, tarraingt agus sracadh, lí agus lapaireacht. Cruthaigh gníomhartha éagsúla a nascfadh le gach gluaiseacht sna tonnta. Roghnaigh ó éagsúlacht ceoil agus cnaguirlisí molta le tionlacan a choinneáil leis na gníomhartha seo. Pleanáil agus gníomhaigh na gluaiseachtaí le ceol nasctha le gníomhartha na dtonn. Ina n-aonar, ceangail seicheamh na ngluaiseachtaí. Ansin, i ngrúpaí beaga, cruthaigh damhsa. Measúnaigh, pléigh agus leasaigh an seicheamh críochnaithe. Taifead, cuir in eagar agus láithrigh ag úsáid físteicneolaíochta.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Pláinéad Gorm

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona

- fuaimeanna agus gluaiseacht na farraige;
- amharc ar shaothar cumadóirí;
- líníochtaí breathnaitheacha;
- táipéis bhalla chladaigh.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- an buncheart ar uisce glan;
- sláinte agus sláinteachas;
- uisce ina acmhainn luachmar;
- carachtair agus daoine cáiliúla bainte le huisce;
- sábháilteacht le huisce.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsa simplí a struchtúrú;
- tástáil le réimse gluaiseachtaí coirp.

FÓCAS

Déanann 'An Pláinéad Gorm' machnamh ar thaghdanna agus cháilíochtaí corp uisce mar an fharraige agus fiosraíonn sé acmhainn an uisce i dtéarmaí soláthar fuinnimh, bia, pléisiúir agus fostaíochta. Tabharfar deis do na páistí feasacht a fhorbairt do ghnéithe uile shábháilteacht an uisce.

EFQM Excellence award Winner · INVESTOR IN PEOPLE · ISO 9001 Registered · CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE · ISO 14001 Registered · THE SUNDAY TIMES 100 BEST COMPANIES TO WORK FOR 2007 · OHSAS 18001 Registered · NORTHERN IRELAND QUALITY AWARD

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

CAD É A THIG LINN A FHOGHLAIM Ó SCÉALTA FAOIN 'PHLÁINÉAD GHORM'?

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith feasach dá bhféinurraim agus dá bhféiníomhá.
- Bheith eolach ar cad é mar a thig le himeachtaí éifeacht a oibriú ar mhothuithe agus mhothúcháin.
- A thuiscint go bhfuil cúiseanna le rialacha agus rialacháin.
- A thuiscint gurbh fhéidir go mbeadh contúirt i gcaidrimh le strainséirí.

Gníomhaíochtaí Molta

Léigh, éist le nó amharc ar scéal Robinson Crusoe. Pléigh a mhothuithe agus a mhothúcháin i ndiaidh a longbhriste ar an oileán. Athchruthaigh dialann imeachtaí. Aithin na ceisteanna sábháilteachta a bhí roimhe, mar shampla, ainmhithe allta, stoirmeacha. An dtig iad a chur i gcomparáid le ceisteanna sábháilteachta a bhíonn romhainne inniu? Scrúdaigh an caidreamh a bhí aige le Man Friday?

Amharc ar fhíorscéal Grace Darling. Pléigh na contúirtí a bhí roimh an long 'The Forfarshire' ar an fharraige. Cad iad na ceisteanna sábháilteachta a gcaithfimid cuimhneamh orthu nuair a théimid a shnámh nó a sheoltóireacht san fharraige? Cuir an tharrtháil a rinne Grace agus An tUas Darling i gcomparáid le cuid seirbhísí agus gnás éigeandála an lae inniu. Tarraing aird ar a 'fhreagracht don phobal' agus iad réidh go cróga lena mbeatha féin a chur i gcontúirt le daoine eile a shábháil.

Amharc ar an scannán 'The Little Mermaid' (Disney). Pléigh an dóigh a ndeachaigh Aerial, ainneoinn rabhadh a hathar, Tríotón Rí, amach san amhantar agus ar casadh di strainséir, Ursula, Cailleach na Farraige. Roghnaigh an chuid den scéal mar a dtéann Aerial i ndeabhaidh lena féiníomhá, a mothuithe agus a mothúcháin féin. Is maighdean mhara í ar mhaith léi bheith ina duine daonna. Cuir seo i gcomparáid le mothuithe agus mothúcháin na bpáistí agus iad ag fás aníos. Scrúdaigh a bhféiníomhá agus a bhféinurraim phearsanta agus an dóigh a mothaíonn siad fá dtaobh díobh féin agus faoin scoil i gcoitinne.

CAD É ATÁ CHOMH hIONTACH FÁ dTAOBH DEN UISCE?

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar chuid d'úsáidí an uisce.
- A aithint gur féidir nach gcaitear i gcónaí go cothrom cóir le daoine.
- An gaol idir sláinte agus sláinteachas a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid bogearraí TFC mar 'My World 3' i gcomhar le teilgeoir sonraí le húsáidí uisce a dhianscrúdú. Grúpáil na torthaí i gcatagóirí aontaithe.

Dear agus déan suirbhé ar úsáid an uisce sa bhaile nó ar scoil. Meas agus tomhais méid an uisce a theastaíonn le tascanna an lae a dhéanamh, mar shampla, ní na lámh, scuabhadh na bhfiacla. Aithin amanna a gcuirtear uisce amú. Mol dóigheanna le déileáil leis an fhadhb seo.

Forbair feasacht de chomh luachmhar atá uisce i gcuid tíortha trí léamh agus mhachnamh orthu seo:
- An ceart ar uisce agus bia glan (Cearta an Linbh NA);
- Níl teacht ar uisce glan ag 40% de dhaonra an domhain;
- Drochuisce óil agus droch-chóras séarachais is cúis le 80% de ghalar sna tíortha i mbéal forbartha.

Úsáid na staitisticí thuas le codáin shimplí a fhiosrú.

Pléigh tábhacht an uisce don tsláinte agus don sláinteachas, agus na hiarmhairtí do chuid de na tíortha nach bhfuil teacht ar uisce glan acu.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le taighde a dhéanamh ar obair grúpaí mar 'Oxfam' nó 'Save the Children' i dtíortha i mbéal forbartha. Fiosraigh an scéal seo: ainneoin go bhfuil a lán difríochtaí idir cultúir agus traidisiúin, is rud é an gá le huisce atá i gcoiteann againn uile, ar fud an domhain.

Curaclam Thuaisceart Éireann

An Pláinéad Gorm

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona

- fuaimeanna agus gluaiseacht na farraige;
- amharc ar shaothar cumadóirí;
- líníochtaí breathnaitheacha;
- táipéis bhalla chladaigh.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- an buncheart ar uisce glan;
- sláinte agus sláinteachas;
- uisce ina acmhainn luachmar;
- carachtair agus daoine cáiliúla bainte le huisce;
- sábháilteacht le huisce.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsa simplí a struchtúrú;
- tástáil le réimse gluaiseachtaí coirp.

FÓCAS

Déanann 'An Pláinéad Gorm' machnamh ar thaghdanna agus cháilíochtaí corp uisce mar an fharraige agus fiosraíonn sé acmhainn an uisce i dtéarmaí soláthar fuinnimh, bia, pléisiúir agus fostaíochta. Tabharfar deis do na páistí feasacht a fhorbairt do ghnéithe uile shábháilteacht an uisce.

SIN AN SAOL, A MHIC!

Rúin Mholta Foghlama

- Fios a bheith agat go mbíonn tréithe ag nithe beo a fhóireann dá ngnáthóg.
- A thuiscint go mbíonn idirspleáchas taobh istigh de ghnáthóg.
- An gá atá lenár dtimpeallacht a bheith inbhuanaithe agus an fhreagracht atá ar dhaoine aonair taobh istigh de sin a thuiscint.
- Bheith eolach ar phróiseas thimthriall an uisce.
- Fios a bheith agat gur cuid riachtanach den phróiseas dheartha an phleanáil.
- A thuiscint go bhfuil gnásanna sábháilteachta ann atá riachtanach d'úsáid éifeachtach uirlisí agus trealaimh.

Gníomhaíochtaí Molta

Spreag plé ar a bhfuil ar eolas againn faoi éagsúlacht na beatha san fharraige: úsáid ábhair thagartha le taighde a dhéanamh orthu, san áireamh, bagairtí ar a bhfadmharthain; i ngrúpaí, déan rogha ó réimse ainmhithe mara agus déan taighde orthu, mar shampla, grúpa teaghlaigh, modhanna gluaiseachta nó bia a itheann siad, éifeacht an athraithe le séasúir orthu agus rangaigh de réir gnéithe inbhreathnaithe iad. Cuir an t-eolas isteach i mbunachar sonraí mar Information Workshop 2000; cuir na torthaí i láthair an chuid eile den rang. Comhordaigh an t-eolas uile a bailíodh mar rang agus cruthaigh fístaispeáint le héagsúlacht na beatha sna farraigí timpeall orainn a léiriú; foilsigh ar Gridclub nó ar shuíomh gréasáin na scoile é.

Pléigh na catagóirí a leanas: iasc, mamaigh, agus inveirteabraigh. Ainmnigh oiread tréithe agus is féidir i ngach catagóir, san áireamh, an dóigh a ngluaiseann, a n-atáirgeann, a n-análaíonn agus a n-itheann na hainmhithe, agus a dtréithe fisiceacha.

Is iomaí úsáid atá le feamainn. Taighid agus cruthaigh taispeántas le táirgí a léiriú a úsáidtear sa bhaile agus a bhfuil ceilp agus fotháirgí feamainne iontu.

Faigh amach cá mhéad de dhromchla an domhain atá faoi chlúdach uisce agus fíorais shuimiúla eile faoi uisce. Pléigh agus cuir síos ar uisce. Faigh amach cuid de na cosúlachtaí agus difríochtaí i gcineálacha éagsúla uisce, mar shampla, sáile, uisce sconna, uisce buidéalaithe agus fíoruisce agus fiosraigh iompraíocht ábhar éagsúil in uisce, mar shampla, tuaslagann, snámhann nó meascann. Fiosraigh tréithe an uisce ina riochtaí éagsúla. Úsáid gníomhaíochtaí praiticiúla le fáil amach faoi éifeachtaí leá agus reo ar uisce, mar shampla, 'Cé is faide a choinneoidh reoiteog sioctha?' agus breathnaigh éifeachtaí an reo ar uisce. Gaolaigh na hathruithe reachta do thimthriall an uisce. Breathnaigh taispeántas a léiríonn timthriall an uisce. Smaoinigh ar dhóigheanna a bhfeicimid an próiseas seo inár saol laethúil.

Pléigh ceist na hinbhuaine agus smaoinigh cad é mar atá sí seo tábhachtach i dtaca leis na farraigí againn.

Taighid geolaíocht fhisiceach ghrinneall na farraige i réigiún measartha fionnuar. Cruthaigh learscáil mharla a aibhsíonn príomhghréithe ghrinneall na farraige. Úsáid eolas le hainmhí samhlaíoch mara a dhearadh agus a chruthú. Úsáid ceamaraí gréasáin le timpeallachtaí éagsúla a thaiscéaladh.

Pleanáil agus dear fuascailtí fadhbanna nó ceisteanna, mar shampla, iompar páistí ó oileán go tír mór, rabhadh do longa in imeallbhoird charraigeacha nó áis snámhachta do mhairnéalaigh.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning



ÉICEA-THUBAISTE

Rúin Mholta Foghlama

- An dóigh a dtig le héicea-thubaistí éifeacht a oibriú ar an domhan againn a thuiscint.
- Bheith eolach ar chuid de na dóigheanna a mbíonn daoine freagrach as an timpeallacht.
- An tábhacht atá le heolas a thomhas agus a thaifeadadh go córasach a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Taighid agus pléigh dóigheanna a dtig le gníomhaíocht daoine timpeallacht an chósta a mhilleadh, mar shampla, truailliú ola, ró-iascaireacht, dul ar saoire srl. Úsáid an t-idirlíon le taighde a dhéanamh ar thubaistí ola a tharla san am a chuaigh thart, leithéid, Amoco Cadiz nó Exxon Valdez, agus mínigh an dóigh ar imir siad éifeacht dhíobhálach ar an timpeallacht, ar bheatha ainmhithe agus phlandaí, thránna, imeallbhord srl. Taifead agus láithrigh na torthaí don chuid eile den rang.

Úsáid foinsí agus áiseanna traidisiúnta agus/nó digiteacha le taighde a dhéanamh ar eagraíochtaí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus faigh amach faoin obair a dhéanann siad. I ngrúpaí, úsáid bogearraí TFC le fógra a dhearadh, a chruthú agus a láithriú le feasacht a ardú den chineál sin ceiste agus le moltaí a dhéanamh faoin dóigh a dtiocfadh na contúirtí sin a laghdú.

Tabhair cuairt ar thaispeántais chuí le feasacht a ardú den dóigh a n-oibríonn ár ngníomhartha tionchar ar thimpeallachtaí áitiúla agus domhanda. Smaoinigh faoi idé ar thaispeántas nó imeacht eile fiontraíochta le feasacht a ardú.

Ó, IS BREÁ LIOM BHEITH COIS TRÁ NA MARA

Rúin Mholta Foghlama

- A aithint go bhfuil réimse gnéithe fisiceacha taobh istigh de thír.
- Cuid de na láithreacha iomráiteacha taobh istigh dá dtír féin a aithint.
- Fios a bheith agat go mbíonn tréithe ag nithe beo a fhóireann dá ngnáthóg.
- Bheith eolach ar an dóigh le réimse áiseanna digiteacha nó traidisiúnta a úsáid.
- Fios a bheith agat go bhfuil tréithe ábhar gaolta dá n-úsáidí.
- Bheith eolach ar an dóigh le trialacha cothroma a dhéanamh.

Gníomhaíochtaí Molta

I ngrúpaí, smaoinigh ar ghníomhaíocht daoine agus a tionchar ar thimpeallacht an chósta. Dear agus cruthaigh láithriú ilmheán ag úsáid bogearraí TFC mar 'Slideshow' nó 'Powerpoint' agus cuir seo i láthair an chuid eile den rang. Úsáid bogearraí TFC mar 'My World 3', i gcomhar le teilgeoir sonraí, leis na gníomhaíochtaí éagsúla a dhianscrúdú a tharlaíonn cois farraige sna séasúir éagsúla. Bailigh pictiúir d'achair chósta i dTuaisceart Éireann ag úsáid, mar shampla, irisí, postchártaí, nuachtán áitiúil agus féilirí chomh maith le heolas faoin imeallbhord ón iontaobhas náisiúnta. Déan dianscrúdú ar chineálacha éagsúla cladaigh, mar shampla, aillte, méilte nó réileáin láibe. Fiosraigh ainmhithe nó plandaí de dhúchas gnáthóg chladaigh leis an dóigh a bhfóireann siad don ghnáthóg sin a fháil amach.

Fiosraigh an gaineamh mar ábhar. Roghnaigh an trealamh oiriúnach eolaíochta, mar mhicreascóp digiteach nó ghloine formhéadúcháin le gráinní gainimh a bhreathnú. Cuir i gcomparáid cineálacha éagsúla gainimh agus pléigh úsáidí an ghainimh. Fiosraigh an cineál rotha is fearr le taisteal thar ghaineamh. Dear agus déan feithicil a thaistealaíonn thar ghaineamh. Cuir i gcomparáid le chéile gaineamh fliuch agus tirim. Fiosraigh iompraíocht gainimh arna mheascadh le méideanna difriúla uisce.

Cruthaigh léarscáil imchrutha mhéadaithe Thuaisceart Éireann le híomhánna bailithe imeallbhord éagsúil a ghreamú di agus úsáid atlas traidisiúnta nó digiteach le beaichte a sheiceáil. Cuir gníomhaireacht taistil ar bun agus sórtáil bunachar sonraí le saoire chuí a roghnú d'éagsúlacht turasóirí, mar shampla, saoire siúil, saoire dreaptha carraige nó saoire fairtheoireachta éan. Úsáid Tasc Creidiúnaithe TFC CCSM 'Holiday Extras'. Úsáid bogearraí mar 'MS Publisher' le bróisiúr a dhearadh agus a chruthú le saoire a fhógairt nó úsáid físeán digiteach le fógra gairid a dhearadh agus a chruthú.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Pláinéad Gorm

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona

- fuaimeanna agus gluaiseacht na farraige;
- amharc ar shaothar cumadóirí;
- líníochtaí breathnaitheacha;
- táipéis bhalla chladaigh.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- an buncheart ar uisce glan;
- sláinte agus sláinteachas;
- uisce ina acmhainn luachmar;
- carachtair agus daoine cáiliúla bainte le huisce;
- sábháilteacht le huisce.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas.

Corpoideachas

- freagairt don cheol;
- damhsa simplí a struchtúrú;
- tástáil le réimse gluaiseachtaí coirp.

FÓCAS

Déanann 'An Pláinéad Gorm' machnamh ar thaghdanna agus cháilíochtaí corp uisce mar an fharraige agus fiosraíonn sé acmhainn an uisce i dtéarmaí soláthar fuinnimh, bia, pléisiúir agus fostaíochta. Tabharfar deis do na páistí feasacht a fhorbairt do ghnéithe uile shábháilteacht an uisce.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning



UISCE ACHAN ÁIT

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh tástáil le réimse gluaiseachtaí coirp.
- Bheith in ann réimse spreagthaí a úsáid le linn gluaiseachta.
- Bheith eolach ar an dóigh le damhsa simplí a struchtúrú.
- Bheith in ann labhairt faoina ngluaiseachtaí ag úsáid stór focal cuí gluaiseachta.

Gníomhaíochtaí Molta

Trí théama an uisce, úsáid bunghníomhartha i ngluaiseachtaí damhsa le stiúir, comhordú agus staidiúir a fhorbairt. Plean agus gníomhaigh go sábháilte, réimse gníomhartha agus gluaiseachtaí nasctha, a dhéanfadh suas damhsaí le túis, láir agus deirí atá soiléir.

Spreag liosta idéanna den rud a tharlaíonn don uisce nuair a bhogann sé .i. déanann sé cuilithíní, steallaí, luascann sé, déanann sé boilgeoga, titim, guairne. Cleacht gluaiseachtaí éagsúla mar a dhéanfadh uisce ag úsáid a bhfuil de spásanna sa halla m.sh. cas ar dhá chois, leath amach na sciatháin, cas na sciatháin suas agus síos, bog an corp iomlán i ngluaiseachtaí mar thonnta, taistil i dtreonna, leibhéil agus ar luasanna éagsúla ag úsáid gluaiseachtaí uile an uisce. Ar comhartha, seas socair, amhail is dá mbeadh an t-uisce reoite. Lean ort, ag úsáid gníomhartha eile, mar chaitheamh na sciathán agus na gcos in airde agus síos, léim agus caitheamh an choirp iomláin in airde, bogadh go mall ar nós cuilithíní toinne/mallsrutháin.

DAMHSA AN UISCE

Cuimsigh réimse na ngníomhartha coirp a cleachtadh i ndamhsa/seicheamh gairid ag úsáid ceol cuí: m.sh. 'Surfing' le The Beach Boys, 'Hornpipes and Water Motion', 'Café de la Mer'. Éist go cúramach leis an phíosa ceoil agus pléigh éagsúlacht na ngluaiseachtaí a thiocfadh a úsáid taobh istigh dá ndamhsa féin. Ina n-aonar, glac am le seichimh ghairide dhamhsa a chleachtadh agus a bheachtú leis an cheol, roimh iad a thaispeáint do dhaoine eile. Fiosraigh agus cleacht na gluaiseachtaí céanna damhsa le páirtí nó ina dtriúir. Spreag éagsúlacht gluaiseachtaí coirp, ag úsáid treonna, leibhéil agus luasanna éagsúla gluaiseachtaí. Pléigh agus aontaigh ar an rud a dhéanann gníomhú maith, cleacht agus beachtaigh agus ansin taispeáin a ndamhsa féin do dhaoine eile.

ÁISEANNA Leathanach 1

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Pláinéad Gorm

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

WWF-UK Exploring Coasts
WWF-UK Our World, Our Water
WWF-UK SATCOM Water Module
My World 3
Slideshow or Powerpoint
MS Publisher
CCEA ICT Task Holiday Extras
Numberbox 2
Textease or Pawprints
Compose World Junior
Become a British Isles Explorer
Encarta World Atlas 2001
My First Amazing World Explorer
Oxford Infant Atlas
The Map Detectives
Through My Window
Read and Write 4
Switch Clicker 4
Write Away!
Writer
Decisions 3
Information Workshop 2000
Junior Viewpoint
Number Box 1
Number Box 2
Number Magic

Suímh Ghréasáin Mholta

www.wwf-uk.org
www.childrensmusic.org
www.music4kidsonline.com
www.enchantedlearning.com/subjects/ocean
www.redance.org/shanty.htm
www.maxopus.com/works/stevies.htm
www.kidsmusicplanet.com
www.bestchildrensmusic.com
www.timeforcitizenship.com
www.primaryresources.co.uk
www.savethechildren.org.uk
www.wateraid.org.uk (Excellent citizenship resources about water, e.g. 'Fair Shares For All')
www.kidsbible.com
www.greatbarr.bham.sch.uk/science/bdfs.htm (using keys to identify fish and other animal and plant groups)
www.bbc.co.uk/ni/learning
(interactive material related to BBC programmes)
www.oxfam.org.uk
www.thebeachboys.com
http://www.tradamis.co.uk/trhpipe.htp (hornpipe)
www.ga.wikipedia.org (Wikipedia i nGaeilge)
www.ceim.gaa.ie/menranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)
www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)
www.makebeliefscomix.com/ (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo)
www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/
(Físeáin de dhamhsaí difriúla domhanda – i mBéarla)
www.somethingfishy.ie/
(Suíomh ar uisce agus ar shaolré an bhradáin)
http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=312 (Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Eureka 3' ó COGG): 3.7 Glan Leat, 3.13 Fliuch agus Níos Fluiche', 3.20 'Salann an talún agus Salún an tSáile', 3.24 Cois Farraige

Áiseanna Digiteacha

Suímh Ghréasáin Mholta

http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=311 (Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Eureka 2' ó COGG): 2.1 'Spéirling, 2.12 'Slaghdán agus Sraothanna', 2.11 'Oighear', 2.13 'Báid agus Longa', 2.16 'Truailliú', 2.19 'Leictreachas',

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/ (Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/376/gaeilge/ (Físeán ar 'Coláiste Uisce' – Campa Uisce Spóirt)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/93/gaeilge/ (Físeán ar 'La Trinidad Valencera' - long chogaidh de chuid Armada na Spáinne, amach ó chósta Dhún na nGall, sa bhliain 1588.)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/ (Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/359/gaeilge/ (Físeán ar 'Oileán Thoraí')

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/ (Físeán ar 'Tionscadal na Saimbia / Project Zambia – 6 fhiseán ar fad')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/90/gaeilge/ (Físeán ar 'An Trá a D'imigh')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/558/gaeilge/ (Físeán ar 'Turas Snámha Timpeall na hÉireann')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/501/gaeilge/ (Físeán ar 'Fuinneamh In-athnuaite)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/ (Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasaíle)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/ (Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/ (Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis')

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/ (Físeáin ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire – Damhsa Gaelach (Físeán 3)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/ (Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/ (Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire –Ceol (Físeán 4)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/ (Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire –Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/ (Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire –Rac-Cheol (Físeán 6)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/ (Físeán ar 'Allan Mac Donald - píobaire clúiteach as Albain)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/ (Físeán ar 'Píobairí Ard Mhacha')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/437/gaeilge/ (Físeán ar 'Húicéir na Gaillimhe')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/ (Físeán ar 'Nollaig Brolly - ceoltóir agus amhránaí ó Dhún Geimhin)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/ (Físeán ar 'Ealaín na Gaeltachta)

Áiseanna Digiteacha

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

Liquid Gold,
CCEA, A Thematic Unit linked to 'The Blue Planet'

Poor Tom and the Smugglers of Mourne,
Martin Waddell (Longmans:1998)

Focus on Coasts,
Prue Poulton (Hodder Children's Books:1999)

The Man whose Mother was a Pirate,
Margaret Mahy (Puffin:1996)

Water cycle dance pack,
Jayne Bolsover (Primrose Education:2002

Lift Off - Introducing Human Rights Education within the Primary Curriculum Cross Border Primary Human Rights Education Initiative 2003, Age 8-10,
(Amnesty:2003)

Global Citizenship: The Handbook for Primary Teaching,
Mary Young (Chris Kington Publishing:2002) ISBN: 1899857478

Robinson Crusoe, Daniel Defoe (Usborne:2003)

Primary Values (pp117) (CCEA:2001)

Eolaíocht Bhunscoile 1, (An tÁisaonad: 2000)

Eolaíocht Bhunscoile 2, (An tÁisaonad: 2000)

Iontas an Domhain, (An tÁisaonad: 1999)

Breithlá Báite, (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732746663

An Fhoraois Bháistí, (An tÁisaonad: 2008)
ISBN: 0732748224

An Baile Gan Dath, (An tÁisaonad: 2008)
ISBN: 073214816X

Súil Ghrinn, (An tÁisaonad: 200?) ISBN: 139780732747435

An tIascaire agus a Bhean,
(An tÁisaonad: 2006) ISBN: 0732745470

Cleasa Iontacha, (An tÁisaonad: 2007) ISBN: 0732747422

Seo an Eolaíocht – Plandaí agus Blathanna,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589061

Seo an Eolaíocht – Solad, leacht nó Gás?,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597072

Seo an Eolaíocht – Uisce,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589088

Seo an Eolaíocht – Ainmhithe,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589002

Seo an Eolaíocht – Gnathóga,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589045

Seo an Eolaíocht – Do Chorp,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589037

Atlas Bunscoile, (An Gúm: 2001) ISBN: 9781857913989

Céim ar Chéim 18 – Ollphanda don Ollphanda,
(An tÁisaonad: 2005) ISBN: 0790130726

Céim ar Chéim 19 – Ag Feitheamh ar Fheithidí,
(An tÁisaonad: 2005) ISBN: 0790130793

Meascán Moncaithe,
(An tÁisaonad: 2007) ISBN: 0732747449

Atlantis - An Chathair a Bádh,
Christina Balix, (An Gúm 1999) ISBN: 1857913086

An Pláinéad Gorm

Áiseanna Digiteacha

Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

The Little Mermaid (Disney:1989)

The Brendan Voyage [CASSETTE], Shaun Davey (Tara:1992)

'The Valkyrie', Richard Wagner

'La Mer', Claude Debussy

'Spartacus', Aram Il'yich Khachaturian

The World Around Us - Geography Autumn 200 (BBC:2003)

Cool Planet for teachers, Oxfam, www.oxfam.org.uk/coolplanet/teachers/globciti/dadddd

Time to Dance [Cassette], Muriel Gidney (Belair Publications)

Ceol na Mara Tadhg Mac Dhonngáin FUTA FATA 2004

Turas Farraige, Físteip (Gaeil Uladh)

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha

Greenpeace
Canonbury Villas
London
N1 2PN

Áiteanna Cuartaíochta

Uisceadán Exploris

Iarsmalann Uladh

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, tá na suímh ghréasáin mholta beo.

Curaclam Thuaisceart Éireann

Cur Le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Úsáid na Matamaitice

- Bileog bhailithe sonraí a chruthú le cuidiú agus a úsáid;
- Sonraí a thaifeadadh agus a láithriú i réimse dóigheanna TFC san áireamh agus plé cé acu léiriúchán is soiléire a léiríonn an t-eolas;
- TFC a úsáid le heolas a bhaineann leis an topaic a thaighde, a anailísiú agus a láithriú;
- Bunachar sonraí tugtha a shórtáil agus a chuardach ag freagairt do cheisteanna a díríodh;
- Línte siméadrachta a aithint agus a tharraingt i gcruthanna éagsúla.

Cumarsáid

- Éisteacht go gníomhach agus freagairt le soiléire ag úsáid stór focal cuí le tuiscint de thasc a léiriú;
- Teanga chuí a úsáid lena smaointeoireacht a mhíniú agus le hidéanna agus tuairimí a chosaint agus tacú leo;
- Éisteacht le agus freagairt do réimse níos leithne ceisteanna;
- A smaointe, mothuithe, mothúcháin, eispéiris agus samhlaithe féin agus cuid daoine eile a phlé le muinín mhéadaitheach;
- Modhanna neamhbhriathartha cumarsáide a chuimsiú;
- Bheith in ann róil éagsúla a ghabháil i ngrúpdhíospóireacht le muinín mhéadaitheach;
- Stór focal leathnaitheach a úsáid ar chuspóirí éagsúla;
- Foinsí cuí a chuimseodh réimse leathnaitheach údar/téacsanna, eolas idirlín srl a roghnú;
- Feasacht de straitéisí éagsúla a fhorbairt le heolas a aimsiú;
- Modh oiriúnach a roghnú/úsáid le heolas a roghnú, a chomhordú agus a eagrú, i gcomhar le múinteoirí agus comhpháirtithe;
- A léitheoireacht/bhféachaint a phlé le daoine eile, ag tosú a chosaint a dtuairimí;
- A shocrú ar bhain siad amach a gcuspóir sa léitheoireacht agus tosú a mholadh idéanna ar an dóigh lena léitheoireacht a fheabhsú nó a leathnú;
- Straitéisí leathnaitheacha tuisceana a úsáid lena dtuiscint de théacs a mhéadú;
- An fhoirm, stíl agus struchtúr atá le húsáid a phlé agus a aithint;
- Idéanna don scríbhneoireacht a ghiniúint agus a eagrú;
- Eispéireas a insint agus féachaint le machnamh ar idéanna, smaointe, mhothuithe agus shamhlaithe go neamhspleách;
- Tosú a phleanáil níos neamhspleáiche agus a leagan amach céimeanna soiléire sna tascanna scríbhneoireachta;
- Foirm, stíl agus struchtúr (paragraif san áireamh) atá cuí i dtreo an taisc, a úsáid ag tosú a thabhairt lucht éisteachta san áireamh;
- Tosú a thriail leagan amach agus stíleanna éagsúla scríbhneoireachta;
- Idéanna, tuairimí agus eolas a chur in iúl agus a eagrú go soiléir;
- Gnéithe dá gcuid oibre féin agus de chuid daoine eile a phlé, ag tosú a dhéanamh moltaí d'athruithe agus don fheabhsú.

Cur Le Forbairt Scileanna

Úsáid TFC

- Eolas ó réimse foinsí agus áiseanna tugtha digiteacha a aimsiú, a roghnú, a eagrú agus a úsáid;
- Eolas/sonraí a thacódh le topaic a thaighde, a bhailiú, a eagrú, a láithriú agus a anailísiú ag úsáid réimse foinsí agus áiseanna digiteacha;
- Obair a chruthú agus a athdhréachtú ag comhcheangal téacs, fuaime agus/nó grafaicí á láithriú agus á cur in iúl ar dhóigheanna éagsúla a léiríonn feasacht do lucht éisteachta agus chuspóir;
- Sraith treoracha a dhéanamh agus a eagrú le fadhbanna a fhuascailt ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha;
- Fadhbanna a fhuascailt le fiosrú, tástáil agus leasú ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Bainistiú Faisnéise: Fiafraigh ceisteanna is dírithe ag úsáid a smaointe féin agus cuid daoine eile le heolas a aithint agus a aimsiú. Ceangal gníomhaíochtaí anois le heolas a fuarthas. Tosú a phleanáil na gcéad chéimeanna eile, ag roinnt tascanna ina bhfothascanna agus ag beartú spriocanna.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach: Achoimriú le tuiscint a léiriú. Seicheamhú, ordú agus rangú ar thoisí éagsúla. Déanamh comparáidí agus ceangal. Tástáil tuarthaí agus lorg fianaise. Giniúint roghanna agus moladh fuascailtí ar fhadhbanna. Bheith córasach le linn taisc. Míniú modhanna agus tuairimí, tabhairt fáthanna le roghanna agus gníomhaíochtaí.

Bheith Cruthaitheach: Glacadh ama le samhlaíocht a úsáid chun suilt. Léiriú fiosrachta, éisteacht le agus roinnt idéanna agus eispéireas. Giniúint idéanna agus roghanna, tógáil agus comhcheangal idéanna. Baint suilt as an neamhghnách, as an ghnách agus as an iontach. Eispéiris a bheith acu le hiomlán a gcéadfaí. Tástáil agus fiosrú ceisteanna san fhíorshaol.

Ag Obair le Daoine Eile: Forbairt nósanna comhfhoghlama. Léiriú an chumais foghlama ó ghníomhaíochtaí comhroinnte agus múnlaithe. Éirí sciliúil ar shealaíocht, chomhroinnt agus chomhoibriú. Cinneadh ar an rud a chaithfear a dhéanamh agus gabháil freagrachta pearsanta as gnéithe den obair. Léiriú cothrom agus meas ar mhothuithe agus idéanna daoine eile.

Féin-Bhainistiú: A sheiceáil go bhfuil siad ag cur cuspóra i gcrích trí labhairt ar a bhfuil siad a fhoghlaim. Seiceáil a gcuid oibre i gcomhair beachtais agus cruinnis. Feidhliú le tascanna. Athbhreithniú na dóighe a ndearnadh an obair agus gné éigin di a thiocfadh a fheabhsú. Tosú a oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Lorg cuidithe ó dhaoine eile. Forbairt feasachta ar a láidreachtaí agus a laigí pearsanta.